Baile Seirbhíse Gaeltachta

Plean Teanga Thrá Lí

2021-2028

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 2
2. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga 3
3. Sonraí na Ceanneagraíochta 6
4. Fís agus Mór-Aidhmeanna 8
5. Ullmhú an Phlean 8
6. Torthaí an taighde 10
7. Bearta an Phlean Teanga 53
8. Costais agus Maoiniú 97
9. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht 99
10. Feidhmiú agus Monatóireacht 100
11. Aguisín 1: Léargas ar bhaile Thrá Lí
12. Aguisín 2: Eolas Cáilíochtúil ón Taighde

RÉAMHRÁ

Focal ón gCathaoirleach

Mar chathaoirleach ar choiste Thrá Lí le Gaeilge, ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil le gach duine a bhí bainteach le forbairt an Phlean seo; le Foras na Gaeilge a thionscnaigh an obair seo ar dtús agus a thug gach tacaíocht dúinn agus sinn ag cur an Phlean le chéile; le Roibeard Ó hEartáin, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí, tráth dá raibh, a d'eagraigh na cruinnithe poiblí agus a thug a chuid ama go fial le gach gné d'fhorbairt an Phlean seo; le baill an Choiste Chomhairligh, le Breandán Ó Caoimh a chuir próifíl ar Thrá Lí le chéile dúinn, le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) a d'aontaigh a bheith ina Cheanneagraíocht agus le hAoife Ní Chonchúir, Oifigeach Gaeilge BOO Chiarraí a chuir an Plean le chéile.

Gabhaim buíochas ar leith le muintir Thrá Lí a thug a gcuid ama dúinn, a líon ceistneoirí, a d'fhreastail ar ócáidí agus a léirigh a gcuid tacaíochta do chur chun cinn na Gaeilge ar an mbaile. Tá súil againn go bhfuil an méid atá sa phlean seo ionadaíoch oraibh agus go dtabharfaidh na bearta atá ann deis daoibh breis Gaeilge a úsáid in bhur saol sa bhaile, sa phobal, san obair agus sa saol laethúil i dTrá Lí.

Táimid ag súil go mór leis an gcéad chéim eile den phróiseas seo, is é sin tabhairt faoi na bearta ar fad sa phlean seo a chur i bhfeidhm agus a neadú sa ghnáthshaol i dTrá Lí. Scaoilfimid faoi le misneach agus le dúthracht.

Pádraig Mac Fheargusa, Cathaoirleach Thrá Lí le Gaeilge

Ráiteas ón gCoiste Stiúrtha

Chuireamar romhainn mar Choiste Stiúrtha ar Phlean Teanga Thrá Lí, plean teanga a chur le chéile de réir na dtreoracha a bhí eisithe dúinn ag Foras na Gaeilge le haghaidh Bailte Seirbhíse Gaeltachta; plean a bheadh soiléir, oiriúnach, inmharthanta, éifeachtach agus fadradharcach. An chéad tasc a bhí romhainn ná aontú ar fhís agus ar aidhmeanna don Phlean:

> Ár bhfís:
>
> Cur le húsáid na Gaeilge sa teaghlach, sa phobal, sa chóras oideachais, san earnáil ghnó agus san earnáil phoiblí.
>
> Ár n-aidhmeanna:

- Deiseanna a chruthú do dhaoine cur lena gcumas sa Ghaeilge.
- Deiseanna a chruthú do dhaoine an Ghaeilge a úsáid ina saol laethúil.
- Feiceálacht na Gaeilge ar an mbaile a ardú.

Táimid ag súil go dtacaíonn gach beart sa phlean seo le fíorú na n-aidhmeanna sin. Leagamar amach na bearta de réir réimsí ar leith den saol - oideachas, an óige, an pobal, na healaíona, spórt, an earnáil ghnó agus an earnáil phoiblí – agus bhunaíomar iad ar thorthaí an taighde a rinneamar le pobal Thrá Lí. Bhíomar ag brath ar shaineolas agus ar thacaíocht ó fhoinsí difriúla agus tá buíochas ar leith ag dul d'Ursula Ní Shabhaois ó Fhoras na Gaeilge agus d'Ann Ó Dwyer ó BOO Chiarraí a bhí ar fáil le treoir agus moltaí a thabhairt ag gach staid den phróiseas.

Tá baile Thrá Lí ar thairseach Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus é ina áit chónaithe, áit oibre agus áit siopadóireachta ag go leor do mhuintir na Gaeltachta sin. Tá súil againn go mbeidh an Plean seo ina dhroichead idir an dá phobal agus ina dheis do mhuintir Thrá Lí a ndea-thoil, a mbá agus a gcumas sa Ghaeilge a léiriú agus a cheiliúradh.

Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

Bunaíodh Trá Lí le Gaeilge chun Plean Teanga do Thrá Lí a chur le chéile agus a fheidhmiú. An aidhm atá leis an bPlean Teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sa teaghlach, sa phobal, sa chóras oideachais, san earnáil ghnó agus san earnáil phoiblí. Tá maoiniú ar fáil ó Fhoras na Gaeilge chun Plean Teanga Thrá Lí a chur le chéile ón uair gur aithníodh an baile mar **Bhaile Seirbhíse Gaeltachta** atá ag freastal ar Ghaeltacht Chorca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach.

Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta ná bailte atá suite i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na limistéir sin. Tabharfar aitheantas faoi Acht na Gaeltachta 2012 do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir phleanála teanga forordaithe.

Sa cháipéis cheannródaíoch **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** rinneadh moltaí i leith straitéisí pleanála teanga a chur i bhfeidhm i réimsí éagsúla an tsaoil. Cruthaíodh **Acht na Gaeltachta 2012** a chuir bonn reachtúil faoi na straitéisí pleanála teanga a bhí le cur i bhfeidhm. Leagadh amach san Acht sin na coincheapa a bhain le Limistéirí Pleanála Teanga, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus le Líonraí Gaeilge.

Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga aitheanta sa tír, 15 Baile Seirbhíse Gaeltachta agus 5 Líonra Gaeilge (féach tábla thíos). Beidh físeanna agus aidhmeanna na bpleananna éagsúil ó limistéir phleanála teanga go Baile Seirbhíse Gaeltachta go Líonra Gaeilge agus iad ag freastal ar phobail

ag a bhfuil riachtanais éagsúla ach iad araon ag cruthú breis spáis don Ghaeilge i réimsí éagsúla den saol.

Limistéir Phleanála Teanga	Dún na nGall (8)	Tuaisceart Dhún na nGall Cloich Cheann Fhaola Toraigh Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir Na Rosa Árainn Mhór An Ghaeltacht Láir Dún na nGall Theas
	Maigh Eo (2)	Maigh Eo Thuaidh Maigh Eo Thiar
	Gaillimh (10)	Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh Conamara Láir Ceantar na nOileán Cois Fharraige Maigh Cuilinn An Cheathrú Rua Cathair na Gaillimhe An tEachréidh Bearna agus Cnoc na Cathrach Oileán Árainn
	Ciarraí (2)	Ciarraí Thiar Ciarraí Theas
	Corcaigh (2)	Múscraí Cléire
	Port Láirge (1)	Na Déise
	An Mhí (1)	Ráth Chairn agus Baile Ghib
Bailte Seirbhíse Gaeilge	Dún na nGall (3)	Leitir Ceanain An Clochán Liath Baile Dhún na nGall
	Maigh Eo (3)	Béal an Mhuirthead Baile an Róba Caisleán an Bharraigh
	Gaillimh (2)	Cathair na Gaillimhe An Clochán

	Ciarraí (2)	Trá Lí Cathair Saidhbhín
	Corcaigh (2)	Cathair Chorcaí Maigh Chromtha
	Port Láirge (1)	Dún Garbhán
	An Mhí (2)	An Uaimh Baile Átha Buí
Líonraí Gaeilge	Baile Átha Cliath (1)	Cluan Dolcáin
	An Clár (1)	Inis
	Gaillimh (1)	Loch Riach
	Aontrom (1)	Iarthar Bhéal Feirste
	Doire (1)	Carn Tóchair

Sonraí na Ceanneagraíochta

Iarradh ar **Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí** (BOO Chiarraí) iarratas a chur isteach le bheith ina cheanneagraíocht do scríobh Phlean Teanga Thrá Lí ag cruinniú poiblí ar an mbaile i mí na Samhna 2017 agus rinne an eagraíocht é sin. Reáchtáladh dhá chruinniú poiblí an t-am sin chun deis a thabhairt don phobal a bheith páirteach sa phróiseas chun Trá Lí a fhorbairt mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. D'fhreastail timpeall 30 duine ar na cruinnithe sin le hionadaithe i láthair ó eagraíochtaí éagsúla mar Chonradh na Gaeilge, NEWKD, Cumann Lúthchleas Gael, Comhairle Contae Chiarraí, Tralee Chamber Alliance, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, An Garda Síochána, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Gaelcholáiste Chiarraí, lucht gnó agus daoine aonair. Tar éis an dara cruinniú, rinne BOO Chiarraí iarratas le Foras na Gaeilge a bheith ina cheanneagraíocht agus glacadh leis an iarratas sin.

<u>Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí</u>

> *Is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, i gcomhar le gníomhaireachtaí oideachais agus oiliúna eile agus le comhlachtaí forbartha pobail, sochaí foghlama i gCiarraí a chruthú agus a fhorbairt agus a chur chun cinn. Ar an ábhar sin, beidh rochtain acu siúd a bhfuil cónaí orthu i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn uathu dá riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíochta agus shibhialta.*

Tá taithí fhairsing ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) a bheith ag tacú le agus ag rialú tionscnaimh phobal-bhunaithe agus tionscnaimh óige. Faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an BOO ná comhordú, riaradh agus measúnú a dhéanamh ar obair óige ina cheantar feidhme. Tá Oifigeach Óige fostaithe go lánaimseartha ag BOO Chiarraí chun tacú leis an bhfeidhm seo agus í a chur i gcrích. Tá an tOifigeach Óige freagrach as clárú a dhéanamh ar gach club/grúpa óige deonach sa chontae, measúnú bliantúil a dhéanamh ar obair óige faoin DCYA, Creat Náisiúnta Cáilíochta agus deontais a riaradh d'eagraíochtaí óige go bliantúil. Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 ceann de na príomhfheidhmeanna eile atá ag an mBord Oideachais agus Oiliúna ná Cláir Oideachais Pobail a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí ar fud an chontae. An rud a bhíonn i gceist leis seo ná oiliúint a chur ar fáil atá solúbtha agus bunaithe ar riachtanais an phobail e.g. ranganna Gaeilge do thuismitheoirí, oiliúint ar choistí, forbairt na n-ealaíon agus san áireamh ansin tá oiliúint theicniúil do ghrúpaí ealaíne/drámaíochta, forbairt phearsanta agus cláir sláinte do Ghrúpaí *Men's Sheds*, grúpaí pobail, cláir Oideachais do Thuismitheoirí ar thógáil clainne go héifeachtach, Sabháilteacht ar na Meáin Shóisialta agus conas Comhairle na dTuismitheoirí a reáchtáil go héifeachtach. Bíonn an tÁisitheoir Oideachais Pobail de chuid BOO Chiarraí ag obair i gcomhar le Oifig Ghaeilge Chomhairle Contae Chiarraí, Oifig na nEalaíon,

Ionaid Áiseanna Teaghlaigh, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla agus Grúpaí Pobail chun sceideal bliantúil de chúrsaí a chur ar bun i réimse an oideachais forbartha agus cúrsaí oiliúna chun cur le agus tacú le hobair áitiúil forbartha pobail.

Is comhlacht poiblí agus reachtúil é BOO Chiarraí, faoi réir ag na Rialacháin Airgeadais atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in IM13/14 chomh maith le Cód Rialaithe do Bhoird Oideachais agus Oiliúna de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus CNAG é a iniúchadh go bliantúil. Is é an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta agus tugann sé tuairisc don Bhord, ar a bhfuil 21 Ball, ar bhonn míosúil. Tá Roinn Airgeadais ann atá freagrach as bainistiú airgeadais laethúil na heagraíochta agus 2 fhochoiste ag an mBord; Fochoistí Airgeadais agus Iniúchta, a dhéanann maoirseachta agus a thugann tuairisc don Bhord ar chúrsaí comhlíontachta.

An Coiste Comhairleach

Bunaíodh Coiste Comhairleach chun comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le gach gné d'fhorbairt Phlean Teanga Thrá Lí. Beartaíodh gurb í Oifigeach Gaeilge BOO Chiarraí, Aoife Ní Chonchúir, a ghlacfadh úinéireacht ar scríobh an Phlean Teanga, le treoir agus tacaíocht ón gCoiste Comhairleach. Tá ionadaithe ar an gCoiste ó eagraíochtaí agus grúpaí éagsúla atá ag feidhmiú i dTrá Lí, ina measc, Conradh na Gaeilge, IT Thrá Lí, Tralee Chamber Alliance, Comhairle Contae Chiarraí, BOO Chiarraí, Siamsa Tíre, An Garda Síochána agus an Cumann Lúthchleas Gael. Cuireann an Coiste Comhairleach saineolas ar fáil i réimsí éagsúla agus nuair a bheidh bearta an Phlean á gcur i bhfeidhm tabharfaidh sé deis dúinn na bearta sin a neadú sna réimsí agus sna heagrais chuí.

Eagras	**Ainm**
BOO Chiarraí	Aoife Ní Chonchúir
Conradh na Gaeilge	Pádraig Mac Fheargusa
Comhairle Contae Chiarraí, Oifig na Gaeilge	Roibeard Ó hEartáin (Oifigeach Gaeilge, mar a bhí)
Ceantar Bárdasach Thrá Lí	Jean Foley
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan)	Fiona Ní Fhrighil
Tralee Chamber Alliance	David Scott
Siamsa Tíre	Jonathan Kelliher
An Garda Síochána	Seán Ó Maolmhichíl
An Cumann Lúthchleas Gael	Colm Ó Súilleabháin + Aodh Mac Giobúin

Fís agus Mór-Aidhmeanna an Phlean Teanga

An fhís atá ann do Phlean Teanga Thrá Lí ná:

> Cur le húsáid na Gaeilge sa teaghlach, sa phobal, sa chóras oideachais, san earnáil ghnó agus san earnáil phoiblí.

Na haidhmeanna atá ann don Phlean Teanga ná iad seo a leanas:

- Deiseanna a chruthú do dhaoine cur lena gcumas sa Ghaeilge.
- Deiseanna a chruthú do dhaoine an Ghaeilge a úsáid ina saol laethúil.
- Feiceálacht na Gaeilge ar an mbaile a ardú.

Ullmhú an Phlean

Tá Trá Lí le Gaeilge buíoch d'Fhoras na Gaeilge agus Roinn na Gaeltachta a chuir múnla pleanála teanga i bhfeidhm d'ullmhú na bpleananna teanga agus a chuir ceardlann pleanála teanga ar fáil don ghrúpa i dtosach na hoibre. Bhunaigh Glór na nGael Fóram na mBailte Seirbhíse Gaeltachta chun teagmháil, tacaíocht agus comhoibriú idir na grúpaí éagsúla a éascú. Ba mhór an chabhair é foghlaim ó thaithí ghrúpaí eile agus an Plean do Thrá Lí á ullmhú. Bhí Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí, Roibeard ó hEartáin, lárnach i dteagmháil a chruthú idir Foras na Gaeilge agus eagraíochtaí, eagrais agus pobal Thrá Lí. Seo iad, mar sin, na céimeanna éagsúla a bhí i gceist agus an Plean Teanga do Thrá Lí á chur le chéile:

1. Tár éis cruinniú poiblí rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) iarratas mar Cheanneagraíocht chun an Plean Teanga a fhorbairt agus d'éirigh leis an iarratas sin.
2. Bunaíodh Coiste Comhairleach chun an obair a stiúradh. Bhí sé mar chúram ar Oifig na Gaeilge sa Chomhairle Contae an obair riaracháin a dhéanamh don Choiste Comhairleach.
3. Beartaíodh gurb í Oifigeach Gaeilge BOO Chiarraí a ghlacadh úinéireacht ar an bPlean a scríobh.
4. D'aontaigh an Coiste Comhairleach ar Fhís agus ar Mhór-Aidhmeanna an Phlean.
5. D'aontaigh an Coiste Comhairleach na réimsí éagsúla a bheadh clúdaithe sa Phlean. Is iad sin Oideachas, Óige, Pobal, na hEalaíona, Spórt, an Earnáil Ghnó agus an Earnáil Phoiblí.

6. Cruthaíodh branda **Trá Lí le Gaeilge** agus cruthaíodh lógó agus suíomh idirlín agus cuntais ar na meáin shóisialta.
7. Cuireadh uirlisí taighde - a bhí cruthaithe ag an Ollamh Dónall Ó Baoill - in oiriúint do chomhthéacs Thrá Lí i.e. ceistneoirí i 4 réimse éagsúil (an óige, an pobal i gcoitinne, an earnáil ghnó, cumainn / eagraíochtaí / an earnáil phoiblí).
8. Seoladh an Próiseas Comhairliúcháin Poiblí ag ócáid phoiblí le hAire Stáit na Gaeltachta, Seán Kyne, ar an 15 Samhain 2019. Rinneadh poiblíocht ar an ócáid sna meáin agus cuireadh tús leis an bPróiseas Comhairliúcháin Poiblí.
9. Rinneadh taighde ar an earnáil ghnó, ar dhaltaí meánscoile, ar chumainn, eagraíochtaí agus an earnáil phoiblí agus ar an bpobal i gcoitinne trí cheistneoirí a úsáid.
10. Rinneadh taighde breise trí agallaimh ar mhúinteoirí iar-bhunscoile, ar dhaltaí Ghaelcholáiste Chiarraí, ar an gCoiste Comhairleach, foireann na Comhairle Contae, daoine ag obair i réimsí an bhreisoideachais agus in IT Thrá Lí agus i gcumainn spóirt.
11. Rinneadh coimisiúniú ar an socheolaí, Breandán Ó Caoimh, chun taighde cuimsitheach a chur ar fáil ar bhaile Thrá Lí agus atá le fáil in Aguisín 1 sa cháipéis seo.
12. Rinneadh anailís ar na ceistneoirí agus tá torthaí an taighde sin le feiceáil ar leathanaigh 10-52 agus in Aguisín 2 sa cháipéis seo.
13. Forbraíodh bearta an Phlean bunaithe ar an taighde a bhí déanta.
14. Cuireadh an Plean Teanga críochnúil le chéile.

Torthaí an Taighde

Bhain Trá Lí le Gaeilge úsáid as ceithre shuirbhé (an óige, an pobal i gcoitinne, an earnáil ghnó, cumainn / eagraíochtaí / an earnáil phoiblí) chun eolas a bhailiú ón bpobal agus tá torthaí an taighde sin leagtha amach thíos.

Suirbhé Teanga

Forbhreathnú

D'fhreagair 364 duine an suirbhé teanga a bhí mar chuid den taighde seo. Tá cúig chuid sa suirbhé teanga: i) eolas déimeagrafach, ii) cumas sa Ghaeilge, iii) an Ghaeilge sa teaghlach, iv) an córas oideachais agus v) an Ghaeilge sa phobal. Tugtar achoimre anseo thíos ar an eolas a bailíodh agus ar na téamaí is mó a tháinig chun cinn ó na sonraí.

Sonraí déimeagrafacha

Áiríodh ceist dhéimeagrafach sa chuid seo den suirbhé chun léargas a fháil ar áit chónaithe fhreagróirí an tsuirbhé (ceist 1 **'cá bhfuil tú i do chónaí?'**). Bailíodh na sonraí agus deineadh iad a rangú sna catagóirí seo a leanas:

'Trá Lí'

'Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 10 gciliméadar ó Thrá Lí'

'Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 30 ciliméadar ó Thrá Lí'

'Ceantar eile i gCiarraí'

'Lasmuigh de Chiarraí'

Thug **362** duine **freagra inghlactha** don cheist (níor bhain dhá fhreagra a tugadh le hábhar). Tá **formhór na bhfreagróirí ag cur fúthu i dTrá Lí** dar leis na freagraí **(56%- 204 duine**) agus 41% eile i gceantar eile i gContae Chiarraí.

As an 12 freagróir (3%) a thug le fios nach bhfuil siad ina gcónaí i gContae Chiarraí, tá ochtar acu ina gcónaí i gCorcaigh. Faightear liosta de shonraí na gceantar éagsúil a luadh mar fhreagra don cheist seo sa doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil' (lch. 1-2).

Féach dáileadh na bhfreagraí i bhfigiúr 1 thíos:



Figiúr 1: Suirbhé Teanga- Áit Chónaithe

Is é an freagra is coitianta a tugadh ar cheist 2 sa suirbhé teanga **('Cé mhéad duine atá ina chónaí sa teach leat?')** ná **ceathrar (32%**- 109 freagra). Tá **idir 3-5 duine** ina gcónaí in éindí le formhór na bhfreagróirí (**68.3%**):



Figiúr 2: Suirbhé Teanga- Líon Tí

Faightear léargas ar chomhdhéanamh theaghlaigh na bhfreagróirí sna freagraí ar cheist 3 (**'an bhfuil clann agat?'**) agus 4 (**'má tá, cé mhéad páiste?'**) sa suirbhé.

D'fhreagair tromlach na bhfreagróirí **nach bhfuil clann acu (52.5%- 191 duine)**.

As an **47.5%** (173 duine) a d'fhreagair go bhfuil clann acu, is é seo thíos dáileadh líon na bpáistí:



Figiúr 3: Suirbhé Teanga- Líon Páistí

Léiríonn na freagraí a tugadh ar cheist 5 ('cár tógadh thú?'), gur **tógadh formhór na bhfreagróirí sa cheantar seo (71%- 257 duine)**.

Tógadh **3%** de na freagróirí (12 duine) **sa Ghaeltacht**, agus **26%** (95 duine**) i gceantar eile** (figiúr 4).

Maidir le **teanga bhaile** na bhfreagróirí agus iad ag éirí aníos (figiúr 5), ba é **Béarla amháin** a bhí á labhairt ag an gcuid is mó de na freagróirí sa bhaile (**69%- 250 duine**).

Labhraíodh **níos mó Béarla ná Gaeilge** sa bhaile i gcás thart ar cheathrú de na freagróirí (**25%- 92**).

Níor labhraíodh **Gaeilge amháin** sa bhaile ach i gcás **triúr** de na freagróirí (**1%**); labhraíodh **Polainnis** sa bhaile i gcás **ceathrar** de na freagróirí (**1%**) agus **Rúisis** sa bhaile i gcás **triúr** eile (**1%**). Thug naonúr (2%) de na freagróirí freagra eile ar an gceist (Féach an doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil', lch. 3 do na freagraí eile seo).



Figiúr 4: Suirbhé Teanga- Ceantar inar Tógadh na Freagróirí



Figiúr 5: Suirbhé Teanga- Teanga Baile 1

Baineann an dá cheist dhéimeagrafacha eile a cuireadh san áireamh sa chuid seo den suirbhé le haois agus le hinscne na bhfreagróirí. De réir na dtorthaí, titeann formhór na bhfreagróirí san **aoisghrúpa 41-55 (34%- 129 duine)** agus i ndiaidh sin sa chatagóir **18-25 (123 duine)** (figiúr 6).

'Baineann' a d'fhreagair beagnach trí cheathrú de na freagróirí **(73.6%)**, ó thaobh inscne de (figiúr 7).



Figiúr 6: Suirbhé Teanga- Aoisghrúpaí



Figiúr 7: Suirbhé Teanga- Inscne

Cumas sa Ghaeilge

I gCuid 2 den suirbhé teanga, áiríodh trí cheist a bhaineann le cumas braite na bhfreagróirí sa Ghaeilge idir chumas ginearálta agus chumas i scileanna teanga éagsúla. Baineann an chéad cheist le cumas ginearálta Gaeilge na bhfreagróirí faoi láthair (figiúr 8).

An cur síos is coitianta a roghnaíodh mar chur síos ar chumas Gaeilge na bhfreagróirí is ea **'Ar Bheagán Gaeilge'** (**42%- 153 duine**). An dara freagra is mó a tugadh ná '**Gaeilge mheasartha**' (**34%- 125 duine**).

D'fhreagair **17%** de na freagróirí (**61 duine**) go bhfuil **Gaeilge líofa** acu agus **7%** (**25 duine**) **nach bhfuil aon Ghaeilge acu**:



Figiúr 8: Suirbhé Teanga- Cumas sa Ghaeilge

Áiríodh ceist eile sa chuid seo maidir le scileanna teanga sonracha sa Ghaeilge: labhairt, tuiscint, léamh agus scríobh (figiúr 9). D'fhreagair an céatadán is airde d'fhreagróirí go bhfuil cumas **'lag'** acu sna **scileanna 'ginchumais' teanga-** scileanna a fhorbraítear chun teachtaireacht a thairgeadh- .i. scríobh agus labhairt.

Léirítear cumas níos fearr sna scileanna 'gabhchumais' teanga- na scileanna glacacha a bhaineann leis an teanga a thuiscint- .i. léamh agus tuiscint.

Is feiniméan coitianta i sealbhú teanga mar dhara teanga go háirithe go bhforbraítear scileanna gabhchumais go leibhéal níos airde níos tapúla ná go bhforbraítear scileanna ginchumais teanga. Dar le hipitéis an chúlchéimnithe, caillteár na scileanna ginchumais teanga níos tapúla ná scileanna gabhchumais teanga nuair nach gcleachtaítear iad.

Mar a léirítear i bh**figiúr 10**, léiríonn na torthaí an-suim i measc na bhfreagróirí feabhas a chur ar na scileanna teanga éagsúla sa Ghaeilge. Léirítear suim mhór i bhfeabhsú scileanna labhartha agus tuisceana go mórmhór.



Figiúr 9: Suirbhé Teanga- cumas sna scileanna teanga éagsúla



Figiúr 10: Suirbhé Teanga- feabhsú scileanna teanga

An Ghaeilge sa Teaghlach

Baineann an trí cheist sa chuid seo den suirbhé le cleachtas teanga an teaghlaigh. Áirítear ceist faoi chleachtas teanga an teaghlaigh sa bhaile, faoi fhonn na bhfreagróirí cur le húsáid na Gaeilge sa bhaile agus faoi scolaíocht na bpáistí.

De réir na dtorthaí (figiúr 11), is é **Béarla amháin** a bhíonn á úsáid ag **64%** de na teaghlaigh (233 freagra) agus **'Níos mó Béarla ná Gaeilge'** ag **28%** eile (102 freagra). Maíonn **beirt** de na freagróirí (**1%**) gur **Gaeilge amháin** a bhíonn á labhairt sa bhaile.

Léiríonn torthaí na chéad cheiste eile **'An mbeadh suim agat níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile/ le do chlann?'** go dteastódh ó **75.2%** de na freagróirí (**273 duine**) cur le húsáid na Gaeilge sa chomhthéacs seo.



Figiúr 11: Suirbhé Teanga- Teanga Baile 2

Baineann an cheist dheireanach sa chuid seo le cúrsaí scolaíochta- **'An bhfuil páistí agat atá ag freastal ar scoil?'** agus na freagraí a fuarthas ná **Tá: 151 (41.5%)** agus **Níl: 213 (58.5%)**

An Córas Oideachais

Baineann na ceisteanna sa chuid seo leis an saghas scolaíochta atá ar siúl ag páistí an **151 teaghlach** a d'fhreagair **Tá** don cheist dheireanach thuas, más cuí. Áirítear ceisteanna chomh maith faoi chinneadh na dtuismitheoirí/ na gcaomhnóirí gaeloideachas a roghnú dá gcuid páistí.

D'fhreagair **71** duine go bhfuil páistí acu atá ag freastal ar **bhunscoil** sa bhaile agus astu siúd, freastalaíonn páistí i **26** teaghlach ar **scoil lán-Ghaeilge**.

Briseadh síos freagraí na ceiste leantach- (ceist 17- **Má tá do chuid leanaí ag freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge, cén fáth gur roghnaigh tú Gaeloideachas do do chuid páistí?**)- de réir teama. Is iad seo a leanas na cúiseanna is coitianta a tugadh:

- **Ba mhaith liom Gaeilge a bheith ag mo chuid páistí**: 11
- **Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a choimeád beo:** 6
- **Taitníonn an scoil féin liom:** 2

D'fhreagair **82** de na freagróirí go bhfuil páistí acu atá ag freastal ar **scoil dara leibhéal** sa bhaile agus páistí i **14** teaghlach ag freastal ar **mheánscoil lán-Ghaeilge.**

Is é seo a leanas briseadh síos na dtéamaí is coitianta a tháinig chun cinn mar gheall ar chinneadh na dtuismitheoirí/ na gcaomhnóirí Gaeloideachas a roghnú do na páistí dara leibhéal:

- **Tá sé tábhachtach an Ghaeilge a choimeád beo:** 6
- **Ba mhaith liom Gaeilge a bheith ag mo chuid páistí:** 5
- **Taitníonn an scoil féin liom:** 4

Baineann roinnt de na cúiseanna eile a tugadh don cheist leis na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas agus le mianta na dtuismitheoirí/ na gcaomhnóirí cur le deiseanna fostaíochta a gcuid páistí.

An Ghaeilge sa Phobal

Bailíodh sonraí sa chuid seo den suirbhé ar fheasacht an phobail ar na grúpaí Gaeilge atá ag feidhmiú sa cheantar agus faoi dheiseanna úsáid na Gaeilge sa bhaile. Léirigh formhór na bhfreagróirí **(83%- 303 duine)** nach eol dóibh aon ghrúpa Gaeilge sa cheantar. Féach figiúr 12 thíos do dháileadh na bhfreagraí ar an gceist **'An bhfuil tú eolach ar na grúpaí Gaeilge atá ag feidhmiú i do cheantar?'** agus figiúr 13 do dháileadh na ngrúpaí Gaeilge féin a raibh eolas ag na freagróirí orthu. Féach an doiciméad Eolas Cáilíochtúil, lch. 4-5, do liosta na ngrúpaí 'Eile' a tugadh mar fhreagra



Figiúr 12: Suirbhé Teanga- feasacht ar ghrúpaí Gaeilge



Figiúr 13: Suirbhé Teanga- grúpaí Gaeilge an cheantair

D'fhreastail **23.1%** de na freagróirí (84 duine) ar imeacht Gaeilge sa cheantar agus bristear síos an saghas imeachta a bhí i gceist i bhfigiúr 14 thíos.

Na himeachtaí is coitianta ar freastalaíodh orthu ná **'ciorcal comhrá'** agus **'ranganna/ cúrsaí Gaeilge'**. Faightear liosta de na himeachtaí sa chatagóir '**Eile**' sa doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil' (lch. 5)



Figiúr 14: Suirbhé Teanga- imeachtaí Gaeilge ar fhreastail freagróirí orthu

Baineann an dá cheist dheireanacha sa suirbhé teanga le **suim an phobail in imeachtaí, seirbhísí agus cúrsaí Gaeilge** a bhféadfaí iad a chur ar fáil amach anseo. Léiríodh spéis áirithe in imeachtaí Gaeilge a mbeadh labhairt neamhfhoirmiúil na Gaeilge mar chuid lárnach díobh, mar shampla **Oíche Airneála** (suim léirithe ag **177** de na freagróirí), **Pop-Up Gaeltacht** (**169** duine) agus **Ciorcal Comhrá** (**169** duine).

Ó thaobh seirbhísí Gaeilge de, léiríodh an-spéis i **ranganna Gaeilge ag leibhéil éagsúla** (**202** duine). Tháinig an téama céanna san chun cinn sna freagraí a tugadh do na ceisteanna seo lasmuigh de na catagóirí a luadh sa suirbhé teanga, leis, mar shampla: '*ranganna mar níl aon ranganna ar fáil i dTrá Lí anois*', '*night classes*', '*A start from scratch basic, basic, Irish learning group for people like me who have zero Irish.*'

Féach an doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil', lch. 6-7, do liosta de na moltaí 'eile' ar fad a tugadh ar na ceisteanna seo.



Figiúr 15: Suirbhé Teanga- Suim in imeachtaí Gaeilge sa cheantar



Figiúr 16: Suirbhé Teanga- Suim i seirbhísí Gaeilge sa cheantar

Suirbhé don Óige/ Scoláirí

Forbhreathnú

Tá sé chuid sa suirbhé seo atá dírithe ar dhaoine óga/ scoláirí, i) eolas ginearálta, ii) scoil, iii) cleachtais teanga an teaghlaigh, iv) cleachtas teanga taobh amuigh den bhaile/ scoil, v) dearcadh faoin nGaeilge agus iv) déan machnamh (cuid chun moltaí a bhailiú ó na freagróirí maidir leis na rudaí a chabhródh leo a gcuid Gaeilge a úsáid. Líon 285 duine an suirbhé.

Eolas Ginearálta

Áirítear ceisteanna anseo faoi áit chónaithe agus áit dhúchais na bhfreagróirí, maraon le cumas na bhfreagróirí sa Ghaeilge. Bailíodh freagraí ceist 1) (**Cá bhfuil tú i do chónaí? Scríobh ainm an bhaile**) agus ceist 2) (**Cad as tú ó dhúchas?**) agus rangaíodh na freagraí ar fad i gcatagóirí éagsúla.

Is iad na catagóirí a aithnítear i gcás na chéad cheiste- **Cá bhfuil tú i do chónaí? Scríobh ainm an bhaile**- ná:

‘Trá Lí**’**

‘Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 10 gciliméadar ó Thrá Lí**’**

‘Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 30 ciliméadar ó Thrá Lí**’**

‘Ceantar eile i gCiarraí**’**

‘Ceantar eile in Éirinn, lasmuigh de Chiarraí’

Aithnítear ocht gcatagóir éagsúla sna freagraí ar **Cheist 2) Cad as tú ó dhúchas**:

‘Trá Lí**’**

‘Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 10 gciliméadar ó Thrá Lí**’**

‘Ceantar/ sráidbhaile/ baile suite ≤ 30 ciliméadar ó Thrá Lí**’**

‘Ceantar eile i gCiarraí**’**

‘Éirinn’

‘Ceantar eile in Éirinn, lasmuigh de Chiarraí’

‘Éirinn agus tír eile’

‘Lasmuigh d’Éirinn’

Féach an doiciméad ‘Eolas Cáilíochtúil’, lch. 7-10, do liosta iomlán na gceantar.

Tá **formhór na bhfreagróirí ina gcónaí i dTrá Lí** (**47%- 134 duine**) agus **is as Trá Lí ó dhúchas formhór na bhfreagróirí**, leis (**41%- 118 duine**). Is as **tír eile** ó dhúchas **9%** de na freagróirí (27 duine), de réir na dtorthaí.



Figiúr 17: Suirbhé don Óige- cá bhfuil tú i do chónaí?



Figiúr 18: Suirbhé don Óige- cad as tú ó dhúchas?

Maidir le cumas sa Ghaeilge i measc na ndaoine óga/ scoláirí a líon an suirbhé, maíonn an céatadán is mó acu go bhfuil **'beagán Gaeilge'** acu (**39%**- 77 duine). Feictear méadú mór i líon

na bhfreagróirí ón suirbhé seo a d'fhreagair go bhfuil **Gaeilge líofa** acu (**30%**- 61 duine) i gcomparáid leis an suirbhé teanga (17%).

Tá thart ar an gcéatadán céanna d'fhreagróirí a mhaíonn **nach bhfuil aon Ghaeilge acu**, áfach (**6%** d'fhreagróirí an tsuirbhé seo- 12 duine, agus 7% d'fhreagróirí an tsuirbhé teanga). **Ceathrar** a shonraigh go bhfuil **Gaeilge ó dhúchas** acu (2%).



Figiúr 19: Suirbhé don Óige- cumas sa Ghaeilge

Scoil

Áirítear ceisteanna sa chuid seo faoi na scoileanna sonracha a bhfreastalaíonn na freagróirí orthu, an bhliain ina bhfuil na freagróirí ar scoil agus minicíocht labhairt na Gaeilge ar scoil le seachtain anuas.

Is sa **chéad bhliain sa mheánscoil** atá an chuid/an céatadán is mó de na freagróirí (**32%**- 90 duine) ach tá ionadaíocht do na blianta meánscoile ar fad sna freagraí. Freastalaíonn an céatadán is mó de na freagróirí ar **Ghaelcholáiste Chiarraí** (**49%**- 139 duine), freastalaíonn **34%** (98 duine) ar **Mheánscoil na Toirbhirte** agus an **17%** eile (48 duine) ar **Choláiste Gleann Lí**.



Figiúr 20: Suirbhé don Óige- rang scoile



Figiúr 21: Suirbhé don Óige- scoil

Bhí an-mheascán sna freagraí ar an gceist **'Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge ar scoil?'**, leis an gcéatadán is mó ag maíomh gur labhair siad Gaeilge **'anois is arís' (20%- 56 duine)**. In ainneoin an céatadán mór d'fhreagróirí a d'fhreagair go bhfreastalaíonn siad ar ghaelcholáiste, níor fhreagair ach **14%** (40 duine) de na freagróirí ar fad gur labhair siad Gaeilge 'i gcónaí nó beagnach i gcónaí' le seachtain anuas.

Feictear codarsnacht sna figiúirí ar labhairt na Gaeilge **'leis na múinteoirí'** agus **'le cairde' ar scoil**. D'fhreagair **14%** (**40** duine) gur **labhair siad Gaeilge leis na múinteoirí** ar scoil le seachtain anuas agus **1%** (**beir**t) gur **labhair siad Gaeilge le cairde** (m.sh. i gclós na scoile)



Cleachtas Teanga an Teaghlaigh

Baineann an trí cheist sa chuid seo leis an teanga a labhraíonn na freagróirí sa bhaile, cumas Gaeilge tuismitheoirí/ caomhnóirí na bhfreagróirí agus leis an méid Gaeilge a labhraíonn tuismitheoirí/ caomhnóirí na bhfreagróirí lena chéile (má labhraíonn).

Is é **Béarla amháin** a labhraítear sa bhaile i gcás fhormhór theaghlaigh na bhfreagróirí (**63.2%-** 180 duine). D'fhreagair **27.4%** eile (78 duine) go labhraítear '**níos mó Béarla ná Gaeilge**' sa bhaile. Níor fhreagair ach **beirt** (0.7%) go labhraítear '**níos mó Gaeilge ná Béarla**' sa bhaile agus **duine amháin** (0.4%) go labhraítear **Gaeilge amháin**. Roghnaigh 24 de na freagróirí (8.4%) teanga eile mar fhreagra ar an gceist seo.



Figiúr 22: Suirbhé don Óige- teanga an bhaile

Léiríonn an t-eolas a bailíodh maidir le cumas Gaeilge tuismitheoirí/ caomhnóirí na bhfreagróirí gur coitianta go mbíonn **beagán Gaeilge** ag an mbeirt tuismitheoirí/ chaomhnóirí (féach figiúr 23). Sonraítear chomh maith go bhfuil sé coitianta gan aon Ghaeilge a bheith ag ceachtar de na tuismitheoirí/ caomhnóirí. Is é an meascán is coitianta a sonraíodh ná '**beagán Gaeilge**' agus '**gan aon Ghaeilge**' ag an tuismitheoir eile.



Figiúr 23: Suirbhé don Óige- cumas Gaeilge tuismitheoirí/ caomhnóirí

De réir na dtorthaí maidir le teanga cumarsáide na dtuismitheoirí/ na gcaomhnóirí lena chéile, feictear gur coitianta ar fad gan aon Ghaeilge a bheith á labhairt ag na tuismitheoirí lena chéile (féach figiúr 24). Feictear nach labhraíonn tuismitheoirí/ caomhnóirí na bhfreagróirí Gaeilge **riamh** i gcás **68.1%** de na teaghlaigh faoi chaibidil.

Ní labhraítear an Ghaeilge **go minic** i measc na dtuismitheoirí/ na gcaomhnóirí ach i gcás **seachtar** de na freagróirí (2.5%) agus d'fhreagair **duine amháin** go labhraíonn a thuismitheoirí/ a chaomhnóirí **Gaeilge amháin** lena chéile.



Figiúr 24: Suirbhé don Óige- labhairt na Gaeilge i measc tuismitheoirí/ caomhnóirí

Cleachtas Teanga taobh amuigh den Bhaile/ Scoil

Is é an chéad cheist sa chuid seo den suirbhé ná '**Le seachtain anuas, cé chomh minic is a labhair tú Gaeilge taobh amuigh den scoil?'** (féach figiúr 25). Béarla amháin an freagra is coitianta a tugadh (55%- 154 duine).

D'fhreagair **triúr** gur labhair siad **Gaeilge gach lá** taobh amuigh den scoil agus **duine amháin** gur labhair siad **Gaeilge den chuid is mó**. **Seachtar** a thug freagra **eile** ar an gceist (lasmuigh de na roghanna a soláthraíodh). Féach an doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil', lch. 11, do liosta de na freagraí eile seo.



Figiúr 25: Suirbhé don Óige- minicíocht labhairt na Gaeilge lasmuigh den scoil

Áirítear ceisteanna sa chuid seo chomh maith faoi chleachtas teanga le grúpaí sonracha daoine lasmuigh den scoil agus den bhaile agus faoi chleachtas teanga agus cúrsaí teicneolaíochta.

I gCeist 11, áirítear grúpaí éagsúla de dhaoine (féach figiúr 26) agus iarradh ar na freagróirí an teanga a úsáideann siad leo den chuid is mó a chur in iúl. I ngach aon chatagóir, d'fhreagair formhór mór na bhfreagróirí go labhraíonn siad Béarla den chuid is mó.

Maidir le cleachtas teanga agus an teicneolaíocht, áirítear ceist maidir leis an teanga is mó a úsáideann na freagraí agus iad ar an nguthán/ ag seoladh téacsanna agus ar na meáin shóisialta. Arís, Béarla an freagra is coitianta ar fad a roghnaíodh mar fhreagra ar an gceist seo (féach figiúr 27).



Figiúr 26: Suirbhé don Óige- teanga cumarsáide le grúpaí sonracha daoine



Figiúr 27: Suirbhé don Óige- cleachtas teanga agus teicneolaíocht

I gCeist 13) iarrtar ar na freagróirí liosta a dhéanamh de na caithimh aimsire ar fad atá acu agus an teanga a labhraíonn siad agus iad á ndéanamh (m.sh. peil- Gaeilge, club óige- Béarla, amhránaíocht- Gaeilge, srl.).

Léiríonn na freagraí gur **Béarla** a bhíonn **á labhairt ag na freagróirí den chuid is mó agus iad i mbun chaithimh aimsire**. I bhfigiúr 28, léirítear roinnt de na caithimh aimsire is coitianta a luadh maraon leis na teangacha a labhraítear. Féach an doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil', lgh. 11-17, do liosta iomlán na gcaithimh aimsire a luadh maraon le briseadh síos ó thaobh na dteangacha a labhraítear agus na freagróirí á ndéanamh.



Figiúr 28: Suirbhé don Óige- cleachtas teanga agus caithimh aimsire



Figure 29: Suirbhé don Óige- Gaeilge lasmuigh den scoil

Baineann an dá cheist dheireanacha sa chuid seo leis na háiteanna ina labhraítear an Ghaeilge i gcónaí iontu. D'fhreagair 10% (28 duine) go bhfuil áiteanna sa cheantar ina labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí le daoine (figiúr 29 thuas), féach thíos na háiteanna a luaitear (figiúr 30).

D'fhreagair **14** go labhraíonn siad Gaeilge **sa Ghaeltacht**, agus **triúr** go labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile nó le gaolta. D'fhreagair **beirt** go labhraíonn siad Gaeilge **leis an bhfiaclóir, ar scoil** agus **ar Aifreann** agus **duine amháin** go labhraíonn siad Gaeilge **sa cheantar**, **ag imirt iomána, ag imirt sacair, ag an gclub óige** agus **ag obair i mbialann** sa cheantar faoi seach.



Figiúr 30: Suirbhé don Óige- cá labhraítear an Ghaeilge sa cheantar

Áirítear dhá cheist i gCuid 5 den suirbhé a bhaineann le dearcadh i leith na Gaeilge agus suim na bhfreagróirí in imeachtaí Gaeilge a d'fhéadfaí a chur ar fáil amach as seo.

Léiríonn na torthaí ón scála Likert (figiúr 31) go bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag formhór na bhfreagróirí, mar shampla d'fhreagair **34.7%** de na freagróirí (99 duine) **go n-aontaíonn siad go láidir** leis an ráiteas '**is maith liom an Ghaeilge**', agus d'fhreagair **25.3%** eile (72 duine) go n-aontaíonn siad leis an ráiteas céanna.

Aontaíonn **63.5%** de na freagróirí (181 duine) go m**ba mhaith leo dá mbeadh níos mó seansanna ar fáil do dhaoine óga a gcuid Gaeilge a úsáid.**

D'fhreagair thart ar **58%** de na freagróirí (165 duine), áfach go n-aontaíonn siad leis an ráiteas **'ní oireann an Ghaeilge do shaol an duine sa lá atá inniu ann'**, agus aontaíonn dhá thrian de na freagróirí leis an ráiteas **'is fearr liom Béarla a labhairt ná Gaeilge'**.



Figiúr 31: Suirbhé don Óige- dearcadh i leith na Gaeilge

Léirítear **spéis** i measc na bhfreagróirí d'imeachtaí Gaeilge a bhféadfaí iad a chur ar siúl amach as seo (figiúr 32), **go háirithe in imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge le scoileanna eile sa cheantar**. Is é seo thíos briseadh síos iomlán na dtorthaí ar an gceist:



Figiúr 32: Suirbhé don Óige- suim in imeachtaí Gaeilge

Thug **39 duine** freagra do cheist dheireanach an tsuirbhé maidir le **moltaí** a chabhródh le freagróirí an tsuirbhé don óige/ scoláirí a gcuid Gaeilge a úsáid (féach an doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil' lgh. 18-19 don liosta iomlán). Tá an-éagsúlacht sna moltaí ach cuirtear béim ar imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge, mar shampla **imeachtaí spóirt** trí mheán na Gaeilge (**3**).

Suirbhé ar Ghnólachtaí

Forbhreathnú

Sa suirbhé ar ghnólachtaí áirítear ceisteanna ginearálta maidir le comhdhéanamh na ngnólachtaí, líon na bhfostaithe srl., maraon le ceisteanna faoi chumas Gaeilge na bhfostaithe, faoi úsáid na Gaeilge sna gnólachtaí, dearcadh i leith úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus na féidearthachtaí chun an Ghaeilge a úsáid níos mó i gcúrsaí gnó. Líon **17** an suirbhé seo.

Féach i bhfigiúr 33 agus figiúr 34 thíos na hearnálacha lena mbaineann gnólachtaí na bhfreagróirí agus líon na bhfóstóirí:



Figiúr 33: Suirbhé do Ghnólachtaí- earnáil na ngnólachtaí



Figiúr 34: Suirbhé do Ghnólachtaí- líon fostaithe

Dar le 47% de na freagróirí (ochtar) tá fostaithe le Gaeilge ceaptha sna gnólachtaí sin. Léiríonn torthaí na chéad cheiste eile go bhfuil idir 1-10 fostaí líofa sa Ghaeilge (figiúr 35).



Figiúr 35: Suirbhé do Ghnólachtaí- fostaithe le Gaeilge líofa



Figiúr 36: Suirbhé do Ghnólachtaí- líon fostaithe le Gaeilge líofa

D'fhreagair **deichniúr** de na freagróirí **nár úsáideadh an Ghaeilge riamh** mar uirlis mhargaíochta/ bhrandála (figiúr 37). As an **seachtar** a d'fhreagair gur úsáideadh an Ghaeilge dó sin ina ngnólachtaí, baineadh leas as an nGaeilge do **mhargaíocht** i **sé cinn** díbh, ar **phacáistíocht** i **gceithre ghnólacht** agus cuireadh (/cuirtear) **seirbhísí custaiméara** trí Ghaeilge ar fáil i **gceithre cinn de na gnólachtaí.**

Tugadh **cúig fhreagra** don chéad cheist eile a bhaineann le sonraí faoina bealaí gur úsáideadh (/go n-úsáidtear) an Ghaeilge sna gnólachtaí. Baineann formhór na bhfreagraí le brandáil agus comharthaíocht Gaeilge **(4)**. Tugtar le fios go labhraítear an Ghaeilge le custaiméirí na gnólachta i gcás **gnólacht amháin:**

- ***Signs in Irish throughout hotel, Irish would be used on a daily basis in menus, etc.***
- ***Radio Kerry ads bilingual, signage, when we used plastic bags we had an Irish logo***
- **Ag caint leis na custaiméirí a bhfuil suim acu a bheith ag steallagh Gaeilge**
- ***The name is Irish***
- **Úsáidim an Ghaolainn ar gach rud**



Figiúr 37: Suirbhé do Ghnólachtaí- an Ghaeilge mar uirlis mhargaíochta

Léiríonn roinnt de na freagróirí **spéis** in úsáid na Gaeilge mar uirlis mhargaíochta/ bhrandála amach anseo, go háirithe don **mhargaíocht ar-líne** (**9-** 53%). Léiríonn níos lú ná leath de na freagróirí spéis in úsáid na Gaeilge i mbealaí eile sa ghnólacht, áfach (figiúr 38):



Figiúr 38: Suirbhé do Ghnólachtaí- féidearthachtaí an Ghaeilge a úsáid

Tá eolas ag **23.5%** de na freagróirí ar an tacaíocht agus maoiniú a chuireann **Foras na Gaeilge** ar fáil do ghnólachtaí chun úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó a éascú. Bhí suim ag 11 freagróir níos mó eolais a fháil faoin tacaíocht sin (faightear liosta sonraí teagmhála ar lch. 20 den doiciméad 'Eolas Cáilíochtúil')



Figiúr 39: Suirbhé do Ghnólachtaí- feasacht ar thacaíocht Fhoras na Gaeilge

Léiríonn na freagróirí **an-spéis i dtacaíochtaí deontais a bhféadfadh an Rialtas agus a ghníomhaireachtaí iad a chur ar fáil** chun cabhrú lena ngnólachtaí leas a bhaint as an nGaeilge (**82.4%-** 14 duine) (figiúr 40) agus i gcomhairle ar dheiseanna margaíochta leis an nGaeilge (**58.8%**- 10 duine).

Baineann an cheist dheireanach sa suirbhé do ghnólachtaí le dearcadh na n-ionadaithe gnó maidir leis na buntáistí iomaíocha le húsáid na Gaeilge sa mhargaíocht. Aithníonn **52.9%** (naonúr) de na freagróirí gur buntáiste í an Ghaeilge mar **uirlis chun seasamh amach ó na hiomaitheoirí**.

Aithníonn **41%** de na freagróirí an tairbhe a bhaineann leis an nGaeilge chun **cur le heispéireas an chustaiméara**.



Figiúr 40: Suirbhé do Ghnólachtaí- tacaíochtaí ón Rialtas



Figiúr 41: Suirbhé do Ghnólachtaí- buntáistí úsáid na Gaeilge

Suirbhé Eagraíochtaí Pobail

Fuarthas **cúig** fhreagra ar an suirbhé seo ó chúig eagraíocht éagsúla:

(i) Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí,
(ii) CYPSC Ciarraí,
(iii) NEWKD,
(iv) An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí, agus
(v) Comhairle Contae Chiarraí.

Áiríodh ceisteanna faoi chomhdhéanamh na n-eagraíochtaí, faoi chumas na Gaeilge i measc na bhfostaithe agus faoin gcleachtas teanga reatha.

Maraon leis sin, fuarthas eolas faoi na rudaí a chuireann srian ar úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí, a thugann léargas ar roinnt de na dúshláin atá le sárú chun úsáid na Gaeilge a leathnú in eagraíochtaí pobail an bhaile.

Ag deireadh an tsuirbhé, iarradh ar na freagróirí moltaí a thabhairt maidir le cad a chabhródh leis an eagraíocht níos mó Gaeilge a tharraingt isteach in obair/ i saol laethúil na heagraíochta.

Forbhreathnú

De réir na dtorthaí, tá idir 51 agus 151 duine fostaithe sna heagraíochtaí pobail seo ar fad (figiúr 42).

Cuireadh in iúl go bhfuil an cúig eagraíocht **maoinithe ag an Stát (go díreach nó go hindíreach)**.

Mar chur síos ar an saghas oibre a bhíonn ar siúl sna heagraíochtaí, roghnaíodh go soláthraítear **'seirbhís phoiblí'** i ngach cás ach amháin i gcás **NEWKD** a roghnaigh **'eagraíocht forbartha pobail'** mar chur síos.

Maidir leis na haoisghrúpaí lena mbíonn na heagraíochtaí ag plé den chuid is mó, tugadh le fios go mbíonn na heagraíochtaí ar fad ag plé le daoine de gach aois ach amháin **CYPSC Ciarraí**, a oibríonn le **'leanaí agus/nó daoine óga'** go príomha.

Ainm na heagraíochta agus cur síos ar an obair	**Daoine lánaimseartha**	**Daoine páirtaimseartha**	**Daoine deonacha**	**Iomlán**
Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí [seirbhís phoiblí]	>151	51-100	0	>151
CYPSC Ciarraí [seirbhís phoiblí]	51-100	0	0	51-100

NEWKD [eagraíocht forbartha pobail]	26-50	>151	51-100	>151
An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí [seirbhís phoiblí]	>151	>151	0	>151
Comhairle Contae Chiarraí [seirbhís phoiblí]	>151	>151	0	>151

Figiúr 42: Suirbhé eagraíochtaí pobail- líon na bhfostaithe

An Ghaeilge san eagraíocht

Tugtar forbhreathnú anseo ar na freagraí a bailíodh ón suirbhé faoin nGaeilge go sonrach i gcomhthéacs obair na n-eagraíochtaí. Iarradh ar na freagróirí ráiteas a roghnú a chuireann síos ar idirghníomhaíocht na heagraíochta le cainteoirí Gaeilge. Is é an ráiteas a roghnaíodh thar ceann **CYPSC Ciarraí**, **NEWKD**, **An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí** agus **Comhairle Contae Chiarraí** ná:

"Bíonn an eagraíocht seo ag plé leis an bpobal beag
beann ar an saghas Gaeilge atá acu"

Is é an ráiteas a roghnaíodh thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, chuige sin, ná:

"Bíonn an eagraíocht seo ag plé le daoine ar bheagán Gaeilge/
gan Gaeilge ar bith den chuid is mó"

Tá **oifigeach Gaeilge** fostaithe ag trí cinn de na heagraíochtaí, de réir na dtorthaí- **Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí**, **Comhairle Contae Chiarraí** agus **an Garda Síochána**. D'fhreagair ionadaí Chomhairle Contae Chiarraí 'tá' don cheist leantach: 'mura bhfuil oifigeach Gaeilge ag an eagraíocht, an bhfuil ball foirne/ oibrí eile atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht?' chomh maith. Tá níos mó eolais faoi na seirbhísí agus oibrithe na Comhairle a

chuireann seirbhís Gaeilge ar fáil sa chomhairle ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle tríd an nasc seo: http://docstore.kerrycoco.ie/KCCWebsite/docs/gainfo.pdf

Tugadh le fios go bhfuil **plean oifigiúil teanga** ag **Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí**, ag **Comhairle Contae Chiarraí** agus ag an n**Garda Síochána**. Níl plean teanga ag CYPSC Ciarraí ná ag NEWKD.

Féach thíos dáileadh na dtorthaí maidir le líon na n-oibrithe sna heagraíochtaí éagsúla a bhfuil leibhéil éagsúla Gaeilge acu:

	Líon na n-oibrithe a bhfuil Gaeilge ó dhúchas/ líofa acu	**Líon na n-oibrithe a bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu**	**Líon na n-oibrithe a bhfuil beagán Gaeilge acu**
Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí	45	10	300
CYPSC Ciarraí	*Níl an t-eolas ar fáil*	*Níl an t-eolas ar fáil*	*Níl an t-eolas ar fáil*
NEWKD	5	50	50
An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí	6-10	Thart ar 20%	Gach ball foirne
Comhairle Contae Chiarraí	*Níl an t-eolas ar fáil*	*Níl an t-eolas ar fáil*	*Níl an t-eolas ar fáil*

Figiúr 43: Suirbhé eagraíochtaí pobail- léibhéal Gaeilge na bhfostaithe

Cuireadh ceist san áireamh sa suirbhé chun léargas a fháil ar úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí éagsúla faoi chaibidil. Soláthraíodh ceithre ráiteas agus iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé tic a chur sna boscaí ar fad a chuireann síos ar úsáid na Gaeilge ina n-eagraíocht.

Dar leis na torthaí, **cuirtear seirbhís i nGaeilge ar fáil i ngach ceann de na heagraíochtaí**.

Léirigh **ceithre ghrúpa** go n-**úsáidtear Gaeilge i gcomhfhreagras** san eagraíocht (**Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, NEWKD, An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí, agus Comhairle Contae Chiarraí**).

Léirigh dhá cheann de na heagraíochtaí go n-úsáideann siad **Gaeilge ar na meáin shóisialta** (**NEWKD** agus **An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí**) agus dhá cheann díobh **nach n-úsáideann siad Gaeilge ar na meáin shóisialta** (**Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí** agus **Comhairle Contae Chiarraí**)

	'Cuirimid seirbhís i nGaeilge ar fáil'	**'Úsáidimid Gaeilge inár gcuid comhfhreagrais'**	**'Úsáidimid Gaeilge ar na meáin shóisialta'**	**'Ní úsáidimid Gaeilge ar na meáin shóisialta'**
Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí	✓	✓		✓
CYPSC Ciarraí	✓			
NEWKD	✓	✓	✓	
An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí	✓	✓	✓	
Comhairle Contae Chiarraí	✓	✓		✓

Figiúr 44: Suirbhé eagraíochtaí pobail- úsáid na Gaeilge

Dúshláin agus Moltaí

Chun léargas a fháil ar na rudaí a chuireann srian ar úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí, iarradh ar na freagróirí trí cinn ar a mhéad as naoi ráiteas, bunaithe ar chonstaicí samplacha d'úsáid na Gaeilge. Fágadh spás d'fhreagraí eile chomh maith.

Baineann na dúshláin is coitianta a roghnaíodh le heaspa cumais sa Ghaeilge i measc na n-oibrithe, easpa Gaeilge sa phobal agus an dúshlán in athrú nósanna teanga seanbhunaithe. Is iad na trí ráiteas is coitianta a roghnaíodh ná:

Figiúr 45: Suirbhé eagraíochtaí pobail- dúshláin

I measc na ráitis a roghnaíodh mar léiriú ar na dúshláin d'úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí ná **"Níl an Ghaeilge oiriúnach d'obair na heagraíochta"** (CYPSC Ciarraí), **"Ní bhíonn daoine ón taobh amuigh sásta Gaeilge a labhairt linn"** (An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí), agus **"Nílimid ag iarraidh daoine nach bhfuil Gaeilge acu a scanrú/ a scaradh amach uathu sin a bhfuil Gaeilge acu"** (NEWKD).

Thug ceithre eagraíocht as cúig moladh maidir le cad a chabhródh leis an eagraíocht níos mó Gaeilge a tharraingt isteach- níor tugadh freagra thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí.

Baineann na moltaí a fuarthas le hoiliúint don bhfoireann, le níos mó acmhainní a chur ar fáil chun an Ghaeilge a leathnú san eagraíocht (dírithe ar chumas na n-oibrithe sa Ghaeilge a mhéadú agus ar shlite chun an Ghaeilge a chur chun cinn san eagraíocht) agus le hearcaíocht cainteoirí líofa Gaeilge.

"Níl Gaeilge ag na hoibrithe ar fad atá ar an bhfoireann"

(roghnaithe ag trí eagraíocht: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, NEWKD agus Comhairle Contae Chiarraí)

"Bíonn an eagraíocht ag plé le daoine/ ag freastal ar dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu"

(roghnaithe ag trí eagraíocht: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, NEWKD, an Garda Síochána- ceantar Thrá Lí)

"Tá sé deacair nósanna agus gnásanna teanga a bhfuil seanchleachtadh ag daoine orthu a bhriseadh"

(roghnaithe ag trí eagraíocht: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, An Garda Síochána- ceantar Thrá Lí, Comhairle Contae Chiarraí)

Bearta an Phlean Teanga

Leagtar amach anseo thíos bearta an Phlean Teanga. D'eascair na bearta seo as an taighde a rinneadh le pobal Thrá Lí chomh maith le tuiscintí ar dhea-chleachtas sa Phleanáil Teanga agus na Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán 5) atá eisithe ag Roinn na Gaeltachta. Is tréimhse 7 mbliana atá curtha ar fáil do chur i bhfeidhm an Phlean Teanga seo agus cuimsíonn na bearta na réimsí saoil seo a leanas:

1. Cur i bhfeidhm an phlean teanga
2. Oideachas
3. An Óige
4. An Pobal
5. Na hEalaíona
6. Spórt
7. An Earnáil Ghnó
8. An Earnáil Phoiblí

Achoimre na mBeart

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga	
1.	Coiste Pleanála Teanga Trá Lí le Gaeilge a bhuanú
2.	Comhordaitheoir Pleanála Teanga a cheapadh chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm
3.	Láthair oibre a shocrú don Chomhordaitheoir Pleanála Teanga
4.	An Plean Teanga a sheoladh
5.	Margaíocht agus poiblíocht a dhéanamh ar Thrá Lí le Gaeilge agus an Plean Teanga
6.	Ceathrú Gaelach (spás fisiciúil) a bheadh mar lárionad do chainteoirí Gaeilge a bhunú i dTrá Lí
Oideachas	
7.	Clár foghlama Gaeilge don Idirbhliain sa 5 iarbhunscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

8.	Clár inseirbhíse do mhúinteoirí Gaeilge iarbhunscoile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
9.	Comhoibriú agus tacú le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan cúrsaí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a sholáthar do dhaoine fásta
10.	Comhoibriú agus tacú le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan chun Oifigeach Forbartha Gaeilge a fhostú
11.	Cúrsaí ar líne trí mheán na Gaeilge a sholáthar i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí
12.	Ceardlanna trí Ghaeilge ar ghnéithe de na meáin dhigiteacha a sholáthar sa Digital Media Training Centre do dhaoine fásta
13.	Ról Oifigeach Oideachais Gaeilge do na bunscoileanna i dTrá Lí a fhorbairt
An Óige	
14.	Clár imeachtaí idirscoileanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal na n-iarbhunscoileanna
15.	Sraith ceardlanna ar líne do dhaoine óga i réimsí cruthaitheacha / teicniúla a fhorbairt
16.	Tacú leis an gClub Óige trí Ghaeilge atá ann do leanaí bunscoile i dTrá Lí
An Pobal	
17.	Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta a chur ar siúl
18.	Seirbhís Chomhairleoireachta do Chomharthaíocht Ghaeilge a chur ar fáil
19.	Próifíl a thabhairt don Ghaeilge i bhféilte Thrá Lí
20.	Cumann Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge a bhunú
21.	Tacú leis an Pop-Up Gaeltacht
22.	Tacú leis an gCiorcal Comhrá
Na hEalaíona	

23.	Grúpa Drámaíochta trí Ghaeilge a bhunú
24.	Tacú le Siamsa Tíre an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh dá réimse feidhme
Spórt	
25.	Cúrsaí oiliúna trí Ghaeilge do thraenálaithe a sholáthar agus é mar sprioc acu seisiúin thraenála trí Ghaeilge a bhunú
26.	Na cumainn caide a ghríosadh le cur isteach ar Scéim Sheosaimh Mhic Dhonncha
27.	Cur le feiceálacht na Gaeilge sna clubanna spóirt
An Earnáil Ghnó	
28.	Gréasán tacaíochta a bhunú do ghnóthaí chun cabhrú leo an Ghaeilge a chur chun cinn
29.	Cabhrú le gnóthaí feiceálacht na Gaeilge iontu a mhéadú
30.	Modh a aimsiú chun custaiméirí a chur ar an eolas faoi fhostaithe gur féidir leo Gaeilge a labhairt
31.	Tacú le gnóthaí páirt a ghlacadh i nGradaim Ghnó Chiarraí
32.	Tacú le gnóthaí páirt a ghlacadh sa Gradaim Ghnó Náisiúnta
An Earnáil Phoiblí	
33.	Tacú le heagrais phoiblí breis comharthaíocht Ghaeilge a úsáid
34.	Tacú le heagrais phoiblí deiseanna oiliúna sa Ghaeilge a sholáthar don fhoireann

Bearta an Phlean Teanga

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga Beart 1	**Coiste Pleanála Teanga Trá Lí le Gaeilge a bhuanú**
Réimsí an bhirt	1, K
Critéir Phleanála Teanga	1
Aidhm an bhirt	Éifeacht chur i bhfeidhm an Phlean Teanga a chinntiú trí struchtúr láidir a bheith sa choiste pleanála teanga le réimse saineolais agus taithí.
Eolas breise	Beidh an cheanneagraíocht i mbun bainistíochta ar an gcomhordaitheoir pleanála teanga agus freagrach as cur i bhfeidhm an phlean thar thréimhse seacht mbliana. Beidh an CPT ag tuairisciú chuig baill an choiste pleanála teanga agus na ceanneagraíochta. Cuirfear téarmaí tagartha le chéile chun soiléiriú a dhéanamh ar ról an choiste. Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeadh réimse leathan saineolais agus spéiseanna ar fáil lena chinntiú gur féidir gach mír den phlean teanga a chlúdach agus cur go dearfach leis an méid sin. Chuige sin, déanfar pleanáil chomharbais agus athbhreithniú ar scileanna agus ar easnaimh sa choiste i rith an ama lena chinntiú go mbíonn sé ábalta feidhmiú go héifeachtach agus go hionadaíoch ar an bpobal ina iomlán.
Páirtithe leasmhara	• Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí • An coiste pleanála teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann.
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann.
Dúshlán	Daoine a fháil atá toilteanach agus sásta a bheith mar bhaill den choiste pleanála teanga.
Sárú an dúshláin	Próiseas ionduchtaithe a bheith ann do bhaill nua le gur féidir le daoine dul i dtaithí ar na dualgais atá ar an gcoiste go héasca agus chun daoine a choimeád ar bord.

Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Tuigfear éifeacht an bhirt trí fheidhmíocht an choiste pleanála teanga go ginearálta. Déanfaidh an Coiste measúnú ar a éifeachtacht féin go bliantúil.

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga Beart 2	**Comhordaitheoir Pleanála Teanga a cheapadh chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm**
Réimsí an bhirt	A-K
Critéir Phleanála Teanga	1, 3, 8, 10, 11, 12, 13, 14
Aidhm an bhirt	Comhordaitheoir Pleanála Teanga a cheapadh a chuirfidh an plean teanga seo i bhfeidhm agus a chuirfidh leis an bplean le moltaí / bearta eile de réir mar is cuí.
Eolas breise	• Earcóidh an cheanneagraíocht (BOO Chiarraí) comhordaitheoir pleanála teanga leis na cáilíochtaí cuí – is é an duine seo is mó a bheidh i bhfeighil chur i bhfeidhm an phlean agus ar an monatóireacht a dhéanfar air, le tacaíocht iomlán an choiste pleanála teanga. • Ceadófar agus spreagfar an comhordaitheoir pleanála teanga bearta nua nach sonraítear sa phlean seo a fhorbairt agus moltaí eile a chumadh de réir mar a leantar leis an bplean seo agus le próiseas na monatóireachta. • Cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil don chomhordaitheoir pleanála teanga de réir mar is cuí ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí an duine a cheapfar. • Beidh cruinnithe rialta (ar a laghad uair sa ráithe) idir an coiste pleanála teanga agus an comhordaitheoir pleanála teanga chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus le pleanáil chun tosaigh a dhéanamh.
Páirtithe leasmhara	• Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí • An coiste pleanála teanga • Foras na Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 1: an próiseas earcaíochta, comhordaitheoir a cheapadh Bliain 1-7: fostú an chomhordaitheora
Costas measta iomlán	€448,130.58 (€443,930.58 + €4200 (costais oiliúna))
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 1: €59,559.72 Bliain 2: € 60,135.00 Bliain 3: €61,702.16 Bliain 4: €63,271.64 Bliain 5: €64,842.28 Bliain 6: €66,423.36 Bliain 7: €67,996.32 Costais oiliúna €600 in aghaidh na bliana

Dúshlán	Duine leis na cáilíochtaí agus an taithí chuí a earcú agus a choimeád sa ról.
Sárú an dúshláin	An post a fhógairt go forleathan, ní hamháin ar fud limistéir an bhaile seirbhíse Gaeltachta, ach go náisiúnta sna meáin thraidisiúnta agus shóisialta.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh bainisteoir líne ag an gComhordaitheoir Pleanála Teanga seo ó BOO Chiarraí a bhuailfidh leis / léi uair sa mhí chun tacaíocht a thabhairt chun an Plean a chur i bhfeidhm. Buailfidh an CPT leis an gCoiste Pleanála Teanga timpeall ar 5 huaire sa bhliain.

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga Beart 3	**Láthair oibre a shocrú don Chomhordaitheoir Pleanála Teanga**
Réimsí an bhirt	I, K
Critéir Phleanála Teanga	Na critéir ar fad
Aidhm an bhirt	Áit oibre a chur ar fáil don chomhordaitheoir pleanála teanga i dTrá Lí le háiseanna oifige socraithe de réir mar is cuí (mar shampla le fón, nasc idirlín agus trealamh oifige ábhartha ar fáil).
Eolas breise	Eagróidh an Cheanneagraíocht ionad oibre don Chomhordaitheoir Pleanála Teanga.
Páirtithe leasmhara	• An cheanneagraíocht (príomhúinéir) • An Comhordaitheoir Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Le socrú sa chéad bhliain agus le coimeád le linn fheidhmiú an phlean.
Costas measta iomlán	€35,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000
Dúshlán	Ní bhaineann.
Sárú an dúshláin	Ní bhaineann.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Monatóireacht leanúnach ag leibhéal na ceanneagraíochta ar oiriúnacht na háite oibre don chomhordaitheoir pleanála teanga agus do riachtanais na heagraíochta agus an phlean teanga.

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga Beart 4	**An Plean Teanga a sheoladh**
Réimsí an bhirt	K
Critéir Phleanála Teanga	Na critéir ar fad
Aidhm an bhirt	Ócáid a chur ar siúl do phobal Thrá Lí chun iad a chur ar an eolas faoin bPlean Teanga agus an Plean Teanga a sheoladh go hoifigiúil.
Eolas breise	Beidh sé seo mar an chéad chéim chun feasacht an phobail i leith an phlean teanga a ardú, deis a thabhairt do dhaoine bualadh leis an gcomhordaitheoir pleanála teanga agus ceiliúradh a dhéanamh ar an obair atá déanta go dtí seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn i dTrá Lí.
Páirtithe leasmhara	• BOO Chiarraí • An Comhordaitheoir Pleanála Teanga • An Coiste Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1
Costas measta iomlán	€1,000
Costas measta in aghaidh na bliana	Bliain 1: €1,000
Dúshlán	An t-eagrúchán a bheidh i gceist lena leithéid de ócáid a eagrú agus a chur i gcrích go snasta. Freastal maith a bheith ar an ócáid ionas go mbeadh go leor den phobal ar an eolas faoin bPlean Teanga.
Sárú an dúshláin	Rólanna éagsúla maidir leis an eagrúchán a roinnt amach idir bhaill an choiste agus an comhordaitheoir pleanála teanga. Poiblíocht cheart a dhéanamh ar an ócáid roimh ré agus ina dhiaidh.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Aiseolas a fháil ar an ócáid ó na daoine a d'fhreastail uirthi.

Cur i bhfeidhm an Phlean Teanga Beart 5	**Margaíocht agus Poiblíocht a dhéanamh ar Thrá Lí le Gaeilge agus an Plean Teanga**
Réimsí an bhirt	K
Critéir Phleanála Teanga	Na critéir ar fad
Aidhm an bhirt	Pobal Thrá Lí a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn an phlean teanga agus deiseanna rannpháirteachais laistigh de.
Eolas breise	Beidh margaíocht leanúnach ag teastáil chun pobal Thrá Lí a chur ar an eolas maidir le himeachtaí an phlean teanga. Mar chuid den mhargaíocht beidh na míreanna seo a leanas: • Teagmháil leanúnach leis na meáin áitiúla • Agallaimh déanta ar mhíreanna an phlean teanga de réir mar is cuí • Bileoga agus ábhar eile le scaipeadh maidir leis an obair atá ar siúl • Nuachtlitir leictreonach a chur le chéile go bliantúil • Eolas le roinnt ag ócáidí poiblí • Cuntais ar na meáin shóisialta a nuashonrú go rialta • Suíomh idirlín a nuashonrú go rialta
Páirtithe leasmhara	• An Comhordaitheoir Pleanála Teanga • An Coiste Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€17,500
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,500
Dúshlán	Seans go mbeadh brú ama i gceist don chomhordaitheoir pleanála teanga agus iad ar iarraidh na míreanna thuas ar fad a chlúdach.

Sárú an dúshláin	Tacaíocht mhargaíochta a chur ar fáil don oifigeach ag leibhéal an choiste nó trí sheirbhísí margaíochta a cheannach isteach de réir mar is cuí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil i rath na ngnéithe éagsúla ar fad den phlean seo agus sa mhonatóireacht a dhéanfar orthu sin.

An Pobal Beart 6	**Ceathrú Gaelach (spás fisiciúil) a bheadh mar lárionad do chainteoirí Gaeilge a bhunú i dTrá Lí**
Réimsí an bhirt	Na réimsí ar fad
Critéir Phleanála Teanga	Na critéir ar fad
Aidhm an bhirt	Spás ilchuspóireach a bhunú le go bhféadfaí réimse imeachtaí a chur ar siúl ann as Gaeilge.
Eolas breise	I measc na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as ná spás caife, naíonra, spás le haghaidh ciorcal comhrá, cruinnithe, grúpaí tuismitheoirí / leanaí, caitheamh aimsire agus ranganna Gaeilge. D'fhéadfaí beartanna 3, 8, 14, 17, 19, 20, 22, 23, 28, 33 agus 34 a óstáil san ionad seo.
Páirtithe leasmhara	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí Foras na Gaeilge Comhairle Contae Chiarraí (Tralee Municipal District) Conradh na Gaeilge Comhaltas Ceoltóirí Éireann
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Ní mór don bheart seo a bheith mar chuid d'fhorbairt phoiblí a mhaoineofaí go seachtrach ón bPlean Teanga.
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní mór don bheart seo a bheith mar chuid d'fhorbairt phoiblí a mhaoineofaí go seachtrach ón bPlean Teanga.
Dúshlán	Spás oiriúnach a aimsiú atá suite go lárnach sa bhaile.
Sárú an dúshláin	Comhoibriú le pobal, lucht gnó agus eagrais phoiblí an bhaile chun ionad oiriúnach a aimsiú don Cheathrú Gaelach. Moladh Oileán na nGéanna mar fhéidearthacht.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh an beart seo mar mhír rialta ar an gclár don Choiste Stiúrtha agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm.

Oideachas Beart 7	**Clár foghlama Gaeilge don Idirbhliain sa 5 iarbhunscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm**
Réimsí an bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 6
Aidhm an bhirt	An leibhéal cumais sa Ghaeilge atá ag daltaí iarbhunscoile i dTrá Lí a ardú agus tuiscint bhreise a thabhairt dóibh ar an gceantar Gaeltachta atá in aice láimhe leo. An cumas labhartha atá acu sa teanga agus an tuiscint atá acu ar phobal labhartha na Gaeilge a leathnú ionas go mbraithfidh siad féin páirteach sa phobal sin.
Eolas breise	Bunófar an clár foghlama ar shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag leibhéil oiriúnacha. Déanfaidh na daltaí scrudú TEG ag deireadh na tréimhse foghlama agus sa tslí sin beifear in ann sprioc cinnte, insroichte a leagadh síos do na daltaí agus beifear ábalta an leibhéal cumais atá acu a thomhas i slí intaobhfa.
Páirtithe leasmhara	• An Comhordaitheoir Pleanála Teanga • Ionadaí ón 5 iarbhunscoil (e.g. múinteoirí Gaeilge na Idirbhliana) • Ionad na dTeangacha i Má Nuad • Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€252,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€28,000 (€80 costas an scrúdaithe x 350 dalta sa bhliain) €3,000 sa bhliain chun clár foghlama a fhorbairt €5,000 Costais turas lae go dtí an nGaeltacht €36,000 san iomlán
Dúshlán	Clár foghlama soiléir a leagadh amach agus cur chuige comhtháite don chlár foghlama a chur i bhfeidhm trasna na n-iarbhunscoileanna ar fad.

Sárú an dúshláin	Lá oiliúna a chur ar fáil do na múinteoirí agus príomhoidí a bheidh páirteach sa togra le héascaitheoir atá eolach ar an méid atá ag teastáil ionas go mbeidh rath ar an obair.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Feicfear toradh na hoibre sa líon daltaí a thabharfaidh faoin scrudú TEG gach bliain agus an toradh a bhaineann siad amach sa scrúdú sin. Is féidir ceistneoir a dhearadh chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcuid sin den togra a bhaineann le feasacht teanga agus cultúir.

Oideachas Beart 8	**Clár inseirbhíse do mhúinteoirí Gaeilge iarbhunscoile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm**
Réimsí an bhirt	A
Critéir Phleanála Teanga	5
Aidhm an bhirt	Caighdeán mhúineadh na Gaeilge in iarbhunscoileanna i dTrá Lí a choinneáil ag leibhéal ard ag baint úsáide as clár inseirbhíse le dea-chleachtas a chur chun cinn agus comhoibriú gairmiúil idir múinteoirí agus scoileanna a chothú.
Eolas breise	Chuirfí an clár inseirbhíse ar siúl ar feadh 1.5 lá gach bliain i gcomhar leis an PDST.
Páirtithe leasmhara	• An Comhordaitheoir Pleanála Teanga • Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) • Tralee Education Centre
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€7,000 Moltar idirbheartaíocht a dhéanamh leis an PDST chun an costas seo a chlúdadh
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000 Moltar idirbheartaíocht a dhéanamh leis an PDST chun an costas seo a chlúdach
Dúshlán	Am a chur ar leataobh sa chlár ama do na múinteoirí le freastal ar an clár inseirbhíse.
Sárú an dúshláin	An clár inseirbhíse a neadú sa bhféilire scoile i gcomhar leis na príomhoidí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Úsáidfear ceistneoirí chun tuairimí na rannpháirtithe ar éifeacht an chláir inseirbhíse a fháil. Aiseolas ó na scoileanna maidir le feabhas i dtorthaí scrúduithe.

Oideachas Beart 9	**Comhoibriú agus tacú le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan cúrsaí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a sholáthar do dhaoine fásta**
Réimsí an bhirt	A, K
Critéir Phleanála Teanga	3
Aidhm an bhirt	An Ollscoil a spreagradh le cúrsa / cúrsaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar d'fhonn leanúnachas san oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil i gCiarraí ón mbunscolaíocht go dtí an tríú leibhéal.
Eolas breise	Sampla den saghas cúrsa a d'fhéadfaí a chur ar fáil ná cáilíocht ag leibhéal B2 ó Theastas Eorpach na Gaeilge don earnáil stáit / phoiblí a bheadh dírithe ar riachtanais na hearnála sin.
Páirtithe leasmhara	• Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan • Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí • An Comhordaitheoir Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Dúshlán	Cúrsa nó cúrsaí oiriúnach(a) a fhorbairt a bheadh dírithe ar riachtanais an spriocghrúpa.
Sárú an dúshláin	Duine a aimsiú leis an taithí agus na cáilíochtaí cuí chun an cúrsa a fhorbairt.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Bheadh rath an bhirt le feiceáil sa líon daoine a bhainfeadh cáilíocht amach i gcúrsa trí mheán na Gaeilge.

Oideachas Beart 10	**Comhoibriú agus tacú le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan chun Oifigeach Forbartha Gaeilge a fhostú**
Réimsí an bhirt	A, K
Critéir Phleanála Teanga	3
Aidhm an bhirt	Tacú le haon iarrachtaí a bheadh ag an Ollscoil sa chás go mbeifí ag bunú Oifig Gaeilge / Oifigeach Gaeilge ar an gcampas.
Eolas breise	Más rud é go bhfostóidh an Ollscoil Oifigeach Gaeilge, ba cheart don Chomhordaitheoir Pleanála Teanga caidreamh maith a bhunú leis an duine sin ionas gur féidir comhoibriú a bheith ann idir an dá ról.
Páirtithe leasmhara	• Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan • An Comhordaitheoir Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Dúshlán	Ní bhaineann
Sárú an dúshláin	Ní bhaineann
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Is féidir measúnú a dhéanamh ar an mbeart seo ag cruinnithe an Choiste Pleanála Teanga.

Oideachas Beart 11	**Cúrsaí ar líne trí mheán na Gaeilge a sholáthar i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí**
Réimsí an bhirt	A, C, H
Critéir Phleanála Teanga	3
Aidhm an bhirt	Réimse cúrsaí ar líne a fhorbairt a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge. Cinnteoidh sé seo leanúnachas sa chóras oideachais ón meánscolaíocht lán-Ghaeilge go dtí earnáil an bhreisoideachais agus oiliúna.
Eolas breise	Tá fís ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí coláiste lán-Ghaeilge breisoideachais agus oiliúna ar líne a bhunú a d'fhreastalódh ar phobal labhartha na Gaeilge go náisiúnta. Is céim ar chéim a bhainfí amach an fhís seo agus tosófar le méid áirithe cúrsaí breisoideachais agus oiliúna a sholáthar ar líne trí mheán na Gaeilge.
Páirtithe leasmhara	Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí / Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí An Comhordaitheoir Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann. Maoinithe ag buiséad bliantúil Choláiste Chiarraí.
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann. Maoinithe ag buiséad bliantúil Choláiste Chiarraí.
Dúshlán	Teagascóirí oilte sna réimsí éagsúla a aimsiú a bheadh in ann teagasc trí Ghaeilge.
Sárú an dúshláin	Comhoibriú leis na Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre le teacht ar theagascóirí líofa, oiriúnacha.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Feicfear toradh an bhirt seo sa líon daoine a ghlacfaidh páirt sna cúrsaí agus a bhainfidh cáilíocht amach i réimsí éagsúla breisoideachais agus oiliúna trí Ghaeilge.

Oideachas Beart 12	**Ceardlanna sna meáin dhigiteacha a sholáthar trí Ghaeilge sa Digital Media Training Centre do dhaoine fásta**
Réimsí an bhirt	A, G
Critéir Phleanála Teanga	3
Aidhm an bhirt	Ceardlanna trí mheán na Gaeilge a sholáthar ar ghné/ghnéithe ar leith de na meáin dhigiteacha sa Digital Media Training Centre i dTrá Lí.
Eolas breise	Tá ionad den scoth ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí sa Digital Media Training Centre a bhfuil cáil an-mhaith bainte amach aige as feabhas na hoiliúna a chuirtear ar fáil ann. Tá deiseanna móra fostaíochta sna meáin dhigiteacha do chainteoirí Gaeilge
Páirtithe leasmhara	• An Digital Media Training Centre • Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí • An Comhordaitheoir Pleanála Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann (clúdaithe ag buiséad Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí).
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann (clúdaithe ag buiséad Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí).
Dúshlán	Éascaitheoirí a aimsiú chun na ceardlanna a reáchtáil.
Sárú an dúshláin	Nascanna a chruthú le daoine gairmiúla atá ag obair sna meáin dhigiteach as Gaeilge d'fhonn teacht ar dhaoine a bheadh incháilithe chun na ceardlanna a reáchtáil.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Feicfear éifeacht an bhirt sa líon daoine a fhreastalóidh ar agus a bhainfidh tairbhe as na ceardlanna seo trí Ghaeilge.

Oideachas Beart 13	**Ról Oifigeach Oideachais Gaeilge do na bunscoileanna i dTrá Lí a fhorbairt**
Réimsí an bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 6
Aidhm an bhirt	Ról a chruthú do Oifigeach Oideachais Gaeilge, mar atá in Uíbh Ráthach, a thabharfadh tacaíocht teanga do bhunscoileanna Thrá Lí d'fhonn breis cumais sa Ghaeilge a thabhairt do dhaltaí.
Eolas breise	Tá ról Oifigeach Oideachais Gaeilge cruthaithe in Uíbh Ráthach ón mbliain 2019 agus é mar aidhm ag an Oifigeach sin scileanna teanga daltaí bunscoile a fhorbairt i gcomhar leis na bunscoileanna áitiúla. D'fhéadfaí an ról i dTrá Lí a bhunú ar an an gceann atá cheana féin ann in Uíbh Ráthach. Chuirfí béim ar fhoghlaim na Gaeilge trí dhrámaíocht, chluichí, spórt agus gníomhaíochtaí taitneamhacha.
Páirtithe leasmhara	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí Foras na Gaeilge Ógras
Saolré an bhirt	Bliain 3-7
Costas measta iomlán	Is féidir tuarastal bunmhúinteora le taithí 5 bliana múinteoireachta a bheith mar shlat tomhais don ráta pá sa chás go mbeidh duine fóstaithe sa ról. Beidh maoiniú le haimsiú don bheart seo ó fhoinse éigin agus ní mór idirbheartaíocht a dhéanamh le Foras na Gaeilge / Ranna Rialtais etc. chun an cheist seo a phlé. Rogha eile atá ann ná painéal múinteoirí ar scor a chur le chéile a mbeadh suim acu an obair seo a dhéanamh ar bhonn deonach.
Costas measta in aghaidh na bliana	Féach thuas.
Dúshlán	Caidrimh mhaithe a chothú leis na bunscoileanna chun obair thairbeach a chur i gcrích.

Sárú an dúshláin	Duine le scileanna maithe idirphearsanta a earcú sa ról.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh bainisteoir ó BOO Chiarraí ag an té a earcófar agus beidh monatóireacht leanúnach mar chuid de chúram an bhainisteora.

An Óige Beart 14	**Clár imeachtaí idirscoileanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal na n-iarbhunscoileanna**
Réimsí an bhirt	A, C, K
Critéir Phleanála Teanga	5, 6
Aidhm an bhirt	Imeachtaí taitneamhacha a eagrú do dhaltaí iarbhunscoile i dTrá Lí chun caidreamh agus sóisialú trí Ghaeilge a bhunú eatarthu.
Eolas breise	Am spraíuil a chaitheamh agus aithne a chur ar a chéile trí mheán na Gaeilge ag ócáidí ar nós Tráth na gCeist, lá spóirt, drámaíocht, Seachtain na Gaeilge etc. Is féidir an múnla atá ann do Bhliain na Gaeilge leis an ETBI a úsáid mar spreagadh.
Páirtithe leasmhara	An Comhordaitheoir Pleanála Teanga An 5 iarbhunscoil i dTrá Lí Conradh na Gaeilge Ógras Cumann na bhFiann
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	€14,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 x 4 imeacht sa bhliain = €2,000
Dúshlán	Amchlarú a dhéanamh ar na himeachtaí laistigh den lá scoile i slí a oirfidh do na scoileanna ar fad.
Sárú an dúshláin	An obair eagrúcháin ar fad a bheith déanta le go leor fógra do na scoileanna rannpháirteacha.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Baileofar aiseolas ó na daltaí agus bainistíocht na scoileanna.

An Óige Beart 15	**Sraith ceardlanna ar líne do dhaoine óga i réimsí cruthaitheacha / teicniúla a fhorbairt**
Réimsí an bhirt	C, D, J
Critéir Phleanála Teanga	8, 9
Aidhm an bhirt	Deis a thabhairt do dhaoine óga scileanna a fhorbairt agus a gcuid cruthaitheachta a chur in iúl agus iad ag glacadh páirte i gceardlanna a reáchtálfar trí mheán na Gaeilge. Cabhróidh sé seo leo a gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt ag an am céanna.
Eolas breise	D'fhéadfadh gur ceardlanna aon uaire nó club gearrthéarmach a bhunú a bheadh i gceist ag plé le réimsí mar MoJo, eagarthóireacht físe agus fuaime, ealaín, scríbhneoireacht etc.
Páirtithe leasmhara	An Comhordaitheoir Pleanála Teanga TechSpace Conradh na Gaeilge Éascaitheoirí éagsúla Local Creative Youth Partnership
Saolré an bhirt	Bliain 2-7
Costas measta iomlán	€14,000
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000
Dúshlán	Rannpháirtithe a mhealladh chun freastal ar na ceardlanna.
Sárú an dúshláin	Cumarsáid rialta a bheith ag an gComhordaitheoir Pleanála Teanga leis na páirtithe leasmhara.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	D'fheicfí rath an bhirt sa saothar a thiocfadh as na ceardlanna.

An Óige Beart 16	**Tacú leis an gClub Óige trí Ghaeilge atá ann do leanaí bunscoile i dTrá Lí**
Réimsí an bhirt	C, J
Critéir Phleanála Teanga	8, 9
Aidhm an bhirt	Deis sóisialú, spraoi agus caidrimh a thabhairt do leanaí bunscoile trí Ghaeilge.
Eolas breise	Chuirfí béim ar úsáid na Gaeilge trí dhrámaíocht, chluichí, spórt agus ghníomhaíochtaí taitneamhacha.
Páirtithe leasmhara	Ógras (príomhúinéir an bhirt) An Comhordaitheoir Pleanála Teanga (ag tacú)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Dúshlán	Ní bhaineann.
Sárú an dúshláin	Ní bhaineann.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh sé seo mar chuid den monatóireacht a dhéanann Ógras ar a gcuid oibre.

An Pobal Beart 17	**Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta a chur ar siúl**
Réimsí an bhirt	C, D, J
Critéir Phleanála Teanga	9
Aidhm an bhirt	Deis a thabhairt do phobal Thrá Lí cur lena gcumas sa Ghaeilge.
Eolas breise	Cuirfear ranganna oíche Gaeilge ar fáil ag leibhéal éagsúla cumais agus ina mbeidh leanúnachas i gceist ó chúrsa go cúrsa.
Páirtithe leasmhara	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (an príomhúinéir) An Comhordaitheoir Pleanála Teanga (ag tacú)
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann (clúdaithe ag buiséad Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí).
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann (clúdaithe ag buiséad Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chiarraí).
Dúshlán	Spás oiriúnach, taitneamhach a aimsiú chun na ranganna a chur ar siúl ann. Teagascóirí ar ardchaighdeán a earcú chun na ranganna a mhúineadh.
Sárú an dúshláin	Comhoibriú le heagraíochtaí atá ag feidhmiú sa réimse seo cheana féin sa Ghaeltacht chun teacht ar theagascóirí ar ardchaighdeán.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Feicfear éifeacht an bhirt sa líon rannpháirtithe a ghlacfaidh páirt gach bliain agus a fhanfaidh go dtí deireadh an chúrsa.

An Pobal Beart 18	**Seirbhís Chomhairleoireachta do Chomharthaíocht Ghaeilge a chur ar fáil**
Réimsí an bhirt	E, H, K
Critéir Phleanála Teanga	14, 15
Aidhm an bhirt	Seirbhís chomhairleoireachta agus aistriúcháin a chur ar fáil do lucht gnó Thrá Lí agus iad ag cur comharthaí Gaeilge in airde. Seirbhís chomhairleoireachta a chur ar fáil don earnáil phoiblí agus stáit i dTrá Lí maidir le comharthaíocht as Gaeilge. Lucht gnó a chur ar an eolas faoin Scéim Tacaíochta Gnó ag Foras na Gaeilge a chabhraíonn le gnólachtaí comharthaíocht dhátheangach a chur in airde.
Eolas breise	Maidir leis an earnáil phoiblí agus stáit, is faoi na heagrais féin a bheidh sé a chinntiú go bhfuil siad ag cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.
Páirtithe leasmhara	An Comhordaitheoir Pleanála Teanga Foras na Gaeilge Lucht gnó an bhaile An earnáil phoiblí agus stáit An Coimisinéir Teanga
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	Ní bhaineann
Costas measta in aghaidh na bliana	Ní bhaineann
Dúshlán	Beidh traenáil ag teastáil ón Comhordaitheoir Pleanála Teanga maidir leis na rialacháin a bhaineann le comharthaíocht srl. in Acht na dTeangacha Oifigiúla.
Sárú an dúshláin	Freastalóidh an Comhordaitheoir Pleanála Teanga ar sheimineár poiblí an Choimisinéara Teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Coimeádfaidh an Comhordaitheoir Pleanála Teanga cuntas / grianghraf den tacaíocht a chuireann sé / sí ar fáil.

An Pobal Beart 19	**Próifíl a thabhairt don Ghaeilge i bhféilte Thrá Lí**
Réimsí an bhirt	J, K
Critéir Phleanála Teanga	9, 10, 11, 12, 14, 15
Aidhm an bhirt	Cur le feiceálacht na Gaeilge i bhféilte Thrá Lí.
Eolas breise	Duaiseanna a chur ar fáil don dream is mó a chuireann le feiceálacht na Gaeilge le linn na féile, bíodh san i mórshiúl, i scaipeadh eolais, ag seastáin etc. D'fhéadfadh daltaí iarbhunscoile taispeántais a chur ar siúl ag na féilte.
Páirtithe leasmhara	Comhairle Bhaile i dTrá Lí
Saolré an bhirt	Bliain 3-7
Costas measta iomlán	€7000
Costas measta in aghaidh na bliana	€1000
Dúshlán	Rannpháirtithe a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn ina gcuid imeachtaí.
Sárú an dúshláin	Comhoibriú
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Beidh an beart seo mar mhír rialta ar an gclár don Choiste Stiúrtha agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm.

An Pobal Beart 20	**Cumann Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge a bhunú**
Réimsí an bhirt	C, D, J, K
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm an bhirt	Imeachtaí bainteach le caitheamh aimsire de shaghsanna éagsúla a eagrú ag an deireadh seachtaine ar bhonn míosúil do phobal labhartha na Gaeilge. Tugann sé seo deis do dhaoine teacht le chéile chun páirt a ghlacadh in imeachtaí taitneamhacha trí mheán na Gaeilge agus sa tslí sin cur leis na suímh inar féidir leo an Ghaeilge a labhairt.
Eolas breise	I measc na n-imeachtaí a bheadh i gceist bheadh: • Lá ar an ngalfchúrsa • Siúlóid • Turas chuig áiteanna suimiúla sa cheantar • Grúpa cniotála • Grúpa drámaíochta a bhunú
Páirtithe leasmhara	• An Comhordaitheoir Pleanála Teanga (príomhúinéir an bhirt) • An Coiste Pleanála Teanga • Éascaitheoirí nó ceannairí le Gaeilge
Saolré an bhirt	Bliain 1-7
Costas measta iomlán	€17,500
Costas measta in aghaidh na bliana	€250 x 10 n-imeacht sa bhliain = €2,500
Dúshlán	Éascaitheoirí oiriúnacha a aimsiú agus go leor daoine a aimsiú a mbeadh spéis acu freastal ar na himeachtaí.
Sárú an dúshláin	Margaíocht agus poiblíocht fhorleathan a dhéanamh ar na himeachtaí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt	Tinreamh a mheas agus foirmeacha aiseolais a chur ar fáil tar éis gach imeachta. Déanfar athbhreithniú ar na himeachtaí atá á gcur ar fáil uair sa ráithe ag leibhéal an choiste pleanála teanga.

An Pobal Beart 21	**Tacú leis an Pop-Up Gaeltacht**
Réimsí an bhirt	C, J
Critéir Phleanála Teanga	8, 9, 10
